Mo thruaighe mar tá Éire

[Brian Ó Cuív, *Éigse* 8, 302-8]

Seathrún Céitinn .cc

1  Mo thruaighe mar tá Éire
d’éis chlaochlúidh a caithréime,
tug sí aoibhneas ar urchra
fá dhaoirmheas na ndanartha.

2  Do thuit a tlaichtscéimh sheirce
dá gnúis álainn innillte,
buime chaomhfhoirne chíoch dte,
díoth gach aonoighre uirthe.

3  Ní feas aon d’uaislibh Banbha,
scaoilteach a lucht leanamhna,
tréad geal dá dtoghail gan treóir
ar feadh an domhain deireóil.

4  Adhbhar tuirse tarla dhi
bheith gan chaomhthach gan chéile
gan leannán ’na leabaidh ghil,
beangán teagair gach tréinfhir.

5  Gan aoinfhear léi-se ag luighe
d’fhíonfhuil ochta a hionmhaine,
scéimh ghlacshoillse gér dhual di
snuadh na hatuirse uirthe.

6  Do chuir sí a súil do chabhair,
do thréig a tlacht searcamhail,
lúb fhionnardghlan na nglac ngeal,
iar n-ionnarbadh mac Míleadh.

7  Gan súil aice re haoinfhear
ar n-imtheacht d’fhuil fhíorGhaoidheal
tar sál gconfadhach gcuan ngeal,
orchradhach uadh a haigneadh.

8  Ní bhfuighbhe an bhaintreabhthach bhog
leannán ná céile carad
go teacht bhfór nGaoidheal ’na gar,
glór na saoirfhear ’gá siabhradh.

9  Iomthnúth ardfhlaitheadh mBanbha
tug neart don fhéinn allmhardha,
tréad faobhrach dob aipche d’fhiodh,

ar chaomhdhach maicne Míleadh.

10 Éigceart na nÉireannach féin
do thrascair iad-soin d’aoinbhéim
ag spairn fá cheart ghearr chorrach,
ní neart airm na n-eachtrannach.

11 Ní hiongnadh d’Inis na nArt
bheith deireóil d’éis a hannsacht,
d’fhine Ghaoidheal na ngníomh náir
gach aoinfhear dhíobh ’gá díoghbháil.

12 An flaitheas fuaradar sin
ar inis oirdheirc Éibhir,
tréad lonn lér fhuaigh a hannsa,
ní fhuair drong don domhan-sa.

13 Cia an croidhe nár chlaochlaidh sin
do mhaicne ghlórmhair Ghaoidhil
a n-argain go coinghleic gceall
ardfhuil oirdhreic na hÉireann.

14 Buime a n-altraim, giodh í sin,
’na dílleacht d’éis gach aoinfhir,
a Mhoire, is truagh mar tharla
gan snuadh n-oile n-athardha.

15 Gan díon ar olc na hinse,
truagh éagcruth a hinnill-se,
aicme a sealbhuighthe mar sin,
seanbhuime mhaicne Mílidh.

16 Do fhágaibh ise gan treóir
iarsma a cloinne ’s a cineóil,
gé táid siad caointeach dá gcailg
scaoilteach iad is gach aonaird.

17 Meirdreach gan iocht gan onóir
an chríoch-so phuirt Pharthalóin,
do chríon a cuing gan chomtha
’s a síol fa dhruing ndanartha.

18 Trí fichid, naoi gcéad, gan chor,
dhá mhíle bláithcheart bhliadhan
eang ghlórghrádhach na suadh sean
fá shluagh mórdhálach Míleadh.